Cuntas Leithreasa 2019

# Vóta 39

# An Oifig um Sholáthar Rialtais

# Réamhrá

Mar Ard-Rúnaí na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, is mise an tOifigeach Cuntasaíochta do Vóta 39 agus tá sé de dhualgas orm dá réir an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le hiniúchadh.

De réir an cheangaltais seo, tá an cuntas i gceangal leis seo ullmhaithe agam ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2019 do thuarastail agus do chostais na hOifige um Sholáthar Rialtais.

Cuirtear toradh an chaiteachais i gcomparáid leis na suimeanna

- arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasaithe 2019, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain, agus
- a soláthraíodh do sheirbhísí soláthair caipitil in 2019 amach as leithreasaithe 2018 nár caitheadh, faoi na socruithe géilliúna iarchurtha arna mbunú le hAlt 91 den Acht Airgeadais 2004.

Dlitear barrachas €2.396 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Tá an Ráiteas faoi Pholasaithe Chuntasaíochta agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus Nótaí 1 go 6 mar pháirt den chuntas seo.

## Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Tá na polasaithe agus prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gCiorclán 27 2019 mar a bhaineann said le cuntais leithreasa a chur le chéile, curtha i bhfeidhm anseo.

## Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá agam as cinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú ag an Roinn.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgais eile mar Ard-Rúnaí. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht a thabhairt go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile cé acu a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtacht faoi athbhreithniú a leanann ar aghaidh.

**Seirbhísí Comhroinnte**

Tá mo chuid freagrachtaí i ndáil le riachtanais an Chomhaontaithe Bainistíochta Seirbhíse idir an Oifig agus Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte comhlíonta maidir leseirbhísí roinnte párolla agus AD a sholáthar.

Táim ag braith ar litir dhearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta do Sheirbhíse Comhroinnte go bhfuil na rialuithe cuí á bhfeidhmiú i soláthar seirbhísí roinnte don Oifig seo.

Tá an Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais don Roinn Airgeadais ábhartha freisin toisc go soláthraíonn an Roinn Airgeadais seirbhísí áirithe ar bhonn roinnte do Vóta 39.

Is mar seo a leanas atá an seasamh maidir leis an timpeallacht rialaithe airgeadais, an creat de nósanna imeachta riaracháin, tuairisciú bainsitíochta agus iniúchadh inmheánach.

***Timpeallacht Rialaithe Airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil mar chuid di na heilimintí seo a leanas.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht as bainistiú airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmeálta do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithí cuí.
- Is ann do Choiste Iniúchta le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí don chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Tá nósanna imeachta do na príomh-phróisis ghnó go léir doiciméadaithe.
- Tá córais in áit chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialuithe Riaracháin agus Tuairisciú Bainistithe***

Deimhním go bhfuil creatlach nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistithe i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag lucht bainistithe sinsearach
- athbhreithnithe rialta ag lucht bainistithe sinsearach ar thuairiscí treimhsiúla agus bliantúla airgeadais a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha
- córas bainistithe riosca ag feidhmiú laistigh den Roinn
- córais atá dírithe ar chinntiú shlándáil na gcóras TFC
- treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní bainistithe tionscadail fhoirmeálta
- cinntíonn an Oifig go bhfuil fócas cuí ar an dea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh na dtreoirlínte ábhartha go léir a chinntiú, na ceanglais i gciorclán 40/2002 san áireamh

***Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánach ag an Roinn le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa atá faofa agam. Téann anailís ar na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na Roinne i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d’aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Cuimsíonn scóp an iniúchta inmheánaigh agus an Choiste Iniúchta oibriúcháin na hOifige um Sholáthar Rialtais. Déantar an fheidhm inmheánach iniúchta a athbhreithniú ó am go chéile agam féin agus ag an gCoiste Iniúchta. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam le cinntiú go ndéantar tuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaigh a athleanúint.

**Creat Riosca agus Rialaithe**

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Roinn a aithníonn agus a thuairiscíonn príomhrioscaí agus gníomhaíochtaí bainistíochta a thógtar le tabhairt fúthu agus, a mhéid agus is féidir, na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí í bhfeidhm a aithníonn na príomhrioscaí don Roinn agus tá siad aitheanta, measta agus grádaithe de réir a dtábhachta. Déantar athbhreithniú agus uasdátú ar an chlár ag an mbord bainistíochta (BB) go ráithiúil. Úsáidtear toradh na measúnuithe seo le hacmhainní a phleanáil agus a dháileadh le cinntiú go ndéantar bainistiú ar rioscaí go leibhéal inghlactha.

Déanann an clár rioscaí cur síos ar na rialuithe agus gníomhaíochtaí is gá leis na rioscaí a mhaolú agus sannann sé freagracht as feidhmiú rialuithe do bhaill foirne áirithe.

**Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach**

Tá nósanna imeachta foirmeálta bunaithe le monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus déantar easnaimh rialaithe a chur in iúl dóibh siúd a bhíonn freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a chur i bhfeidhm agus don bhainistíocht agus don BB, áit is ábhartha, go tráthúil. Deimhním go bhfuil príomhrioscaí agus na rialuithe bainteacha aitheanta agus tá próisis curtha in áit le monatóireacht a dhéanamh ar na príomhrialuithe sin agus aon easnaimh aitheanta a thuairisciú.

**Athbhreithniú ar Éifeachtacht**

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an Roinn le monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta do bhainistiú agus rialú riosca. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtacht an chórais do rialú inmheánach airgeadais curtha ar an eolas ag obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an bhainistíocht shinsearach laistigh den Roinn le freagracht as forbairt agus cothabháil ar an chreat do rialú inmheánach airgeadais.

***Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Níor aithníodh aon laigí sa rialú inmheánach airgeadais bainteach le 2019, ba chúis le, nó a d’fhéadfadh a bheith mar chúis le caillteanas ábhartha.

**Robert Watt**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Oifig um Sholáthar Rialtais

24 Márta 2020

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuairisc le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais

## Vóta 39 An Oifig um Sholáthar Rialtais

### Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 39 An Oifig um Sholathar Rialtais don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2019 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 39 An Oifig um Sholathar Rialtais don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2019, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

#### *Bonn faoin tuairim*

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam le Oifig um Sholathar Rialtais agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

### Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

30 Meitheamh 2020

# Vóta 39 An Oifig um Sholáthar Rialtais

## Cuntas Leithreasa 2019

| | | | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar measta | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas cláir** | | | | | |
| A | Soláthar na seirbhíse soláthair láir | | | | |
| | *Bunaidh* | 18,481 | | | |
| | *Geilleadh iarchurtha* | 96 | 18,577 | 16,164 | 15,546 |
| | **Ollchaiteachas** | | **18,577** | **16,164** | **15,546** |
| | Lúide | | | | |
| B | **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **450** | **492** | **500** |
| | *Bunaidh* | 18,031 | | | |
| | *Geilleadh iarchurtha* | 96 | | | |
| | **Glanchaiteachas** | | **18,127** | **15,672** | **15,046** |

**Farasbarr**

Tá an farasbarr ar an méid atá curtha ar fáil os cionn an mhéid ghlan fheidhmithe dlite le géilleadh don Státchiste. Faoi alt 91 den Acht Airgeadais 2004, is féidir an tsuim ar fad nó cuid d'aon leithreasuithe neamhchaite do sheirbhísí soláthair chaipitil a thabhairt anonn lena gcaitheamh sa bhliain ina dhiaidh sin. Tugadh €59,000 de leithdháiltí gan chaitheamh maidir le heilimintí caipitil ó fhotheideal A.2 ar aghaidh go dtí 2020.

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Farasbarr | 2,454,792 | 5,524,264 |
| Géilleadh iarchurtha | (59,000) | (96,000) |
| **Farasbarr le géilleadh** | **2,395,792** | **5,428,264** |

**Robert Watt**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Oifig um Sholáthar Rialtais

24 Márta 2020

# Nótaí a ghabhann leis an gCuntas Leithreasa

## Nota 1 Ráiteas faoi Chostas Oibriúcháin 2019

| | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Caiteachas cláir | | 1,863 | 2,177 |
| Pá | | 12,645 | 11,881 |
| Neamhphá | | 1,656 | 1,488 |
| **Ollchaiteachas** | | **16,164** | **15,546** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **492** | **500** |
| **Glanchaiteachas** | | **15,672** | **15,046** |
| | | | |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin airgd tirim | (169) | | |
| Dímheas | 311 | 142 | 265 |
| | | | |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú ar fhabhruithe deiridh | (100) | | |
| Méadú ar stoc | — | (100) | (277) |
| | | | |
| **Caiteachas díreach** | | **15,714** | **15,034** |
| | | | |
| **Caiteachas a iompraíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (Nóta 1.1) | | 1,507 | 1,569 |
| Measchíosanna | | 50 | 48 |
| **Glanchostas an chláir** | | **17,271** | **16,651** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá méid ghlanchaiteachas na seirbhísí gaolmhara déanta suas de na méideanna seo a leanas maidir le Vóta 39 a iompraíodh in áit eile, glan ar chostais seirbhísí a soláthraíodh do Vótaí eile.

| | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 7 | Airgeadas | 59 | 59 |
| Vóta 11 | Caiteachas Poiblí agus Athchóiriú | 220 | 187 |
| Vóta 12 | Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 266 | 360 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 941 | 943 |
| Vóta 18 | Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Roinnte | 21 | 20 |
| | | **1,507** | **1,569** |

## Nóta 2 Ráiteas ar an Staid Airgeadais ag 31 Nollaig 2019

| | Nóta | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní caipitil** | 2.1 | 474 | 628 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.2 | 728 | 1,109 |
| Stoic | | 6 | 6 |
| Réamhíocaíochtaí | | 556 | 493 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.3 | 113 | 100 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | 1,403 | 1,708 |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Speansais fhabhraithe | | 100 | 137 |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.4 | 472 | 342 |
| Glanmhaoiniú ón Státchiste | 2.5 | 369 | 867 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | 941 | 1,346 |
| **Glansócmhainní reatha** | | 462 | 362 |
| **Glansócmhainní** | | **936** | **990** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas maoinithe Stáit** | 2.6 | **936** | **990** |

## 2.1 Sócmhainní caipitil

| | Trealamh TF | Troscán agus feistis | Trealamh oifige | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | |
| Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2019 | 1,550 | 171 | 6 | 1,727 |
| Breiseanna | 169 | — | — | 169 |
| Aistriú [a] | — | (19) | — | (19) |
| Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2019 | 1,719 | 152 | 6 | 1,877 |
| **Dímheas carntha** | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2019 | 1,026 | 68 | 5 | 1,099 |
| Dímheas don bhliain | 295 | 15 | 1 | 311 |
| Dímheas ar aistriú | — | (7) | — | (7) |
| Dímheas carntha ag 31 Nollaig 2019 | 1,321 | 76 | 6 | 1,403 |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2019** | **398** | **76** | **—** | **474** |
| Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2018 | 524 | 103 | 1 | 628 |

Nóta [a] Baineann an coigeartú seo le baint luachanna na sócmhainní aonair atá níos ísle ná €1,000 ón gclár sócmhainní. Tá na sócmhainní fós in úsáid.

## 2.2 Banc agus airgead tirim

| Ag 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéideanna PMG | 728 | 1,109 |
| Cuntas bainc eile | — | — |
| | **728** | **1,109** |

## 2.3 Iarmhéideanna dochair eile

| Ag 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pas taistil | 99 | 97 |
| Réamhíocaíochtaí le OOP | — | 2 |
| Míreanna dochair eile ar fionraí | 14 | 1 |
| | **113** | **100** |

## 2.4 Iarmhéideanna sochair eile

| Ag 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Méideanna atá dlite don Stát** | | |
| Cáin Ioncaim | 155 | 145 |
| Árachas Sóisialta Pá-Choibhneasa | 119 | 110 |
| Cáin Shiarchoinneála na Seirbhísí Gairmiúla | 39 | 27 |
| Ranníocaíochtaí Pinsin | 42 | — |
| Cáin Mhaoine Áitiúil | 1 | 1 |
| Muirear Sóisialta Uilíoch | 32 | 30 |
| Cáin Bhreisluacha | 30 | 29 |
| | 418 | 342 |
| Asbhaintí párolla coinnithe ar fionraí | 39 | — |
| Míreanna sochair eile ar fionraí | 15 | — |
| | **472** | **342** |

## 2.5 Glanmhaoiniú ón Státchiste

| Ag 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Farasbarr le géilleadh | 2,396 | 5,428 |
| Géilleadh iarchurtha | 59 | 96 |
| Deontas neamhtharraingte an Státchiste | (2,086) | (4,657) |
| Glanmhaoiniú ón Státchiste | **369** | **867** |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 728 | 1,109 |
| Iarmhéideanna dochair: ar fionraí | 113 | 100 |
| | 841 | 1,209 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (418) | (342) |
| Iarmhéideanna sochair: ar fionraí | (54) | — |
| | (472) | (342) |
| | **369** | **867** |

## 2.6 Cuntas um maoiniú stáit

| | | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | | 990 | 1,125 |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 18,127 | | |
| Géilleadh iarchurtha | Cuntas | (59) | | |
| Barrachas le géilleadh | Cuntas | (2,396) | | |
| Vóta glan | | | 15,672 | 15,046 |
| Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh in áit eile | 1.1 | | 1,507 | 1,569 |
| Earraí neamhairgid – coigeartú maidir le sócmhainní caipitil | | | (12) | (147) |
| Earraí neamhairgid – measchíos | | | 50 | 48 |
| Glanchostas an chláir | 1 | | (17,271) | (16,651) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **936** | **990** |

## 2.7 Ceangaltais

| Ag 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Soláthar earraí agus seirbhísí | 488 | 1,329 |

## 2.8 Dliteanais aibithe

| Ag 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Meastachán ar na dliteanais aibithe nár urscaoileadh roimh dheireadh na bliana | **3** | **2** |

## Nóta 3 Caiteachas Vóta

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

Tá caiteachas riaracháin atá leagtha amach thíos curtha san áireamh i gClár A chun costálacha iomlána na gclár a léiriú.

| | | | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar measta | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | | 14,685 | 12,645 | 11,881 |
| ii | Taisteal agus cothbháil | | 155 | 204 | 250 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha | | 444 | 751 | 763 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | | 90 | 85 | 92 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | | | | |
| | *Bunaidh* | 241 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 57 | | | |
| vi | Costas áitribh oifige | | 298 | 421 | 256 |
| | *Bunaidh* | 414 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 39 | | | |
| | | | 453 | 195 | 127 |
| | | | **16,125** | **14,301** | **13,369** |

**Athrúcháin shuntasacha**

Tugann an nóta seo a leanas achoimre ar na fáthanna le hathrúcháin shuntasacha ar an chaiteachas riaracháin (+/- 25% agus €100,000).

**i. Tuarastail, pá agus liúntais**

*Soláthar an mheastacháin: €14.685 milliún, toradh: €12.645 milliún*

Ríomhadh an leithdháileadh ceadaithe ar an mbonn go mbainfí an lánsoláthar foirne amach faoi dheireadh na bliana. Níor baineadh an lánsoláthar sin amach de bharr deacrachtaí a bhain le hiomlaoid foirne.

**iii Oiliúnt agus forbairt agus speansais theagmhasacha**

*Soláthar an mheastacháin: €444,000, toradh: €751,000*

Bhain an róchaitheamh go príomha le caiteachas ba mhó ná mar a measadh ar dtús ar oiliúint foirne, speansais oifige agus forbairt suímh idirlín.

**v. Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha**

*Soláthar an mheastacháin €298,000, toradh: €421,000*

Ba iad na príomhspreagthaí do na fo-cheannteidil seo ná caiteachas ag Oifig Príomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais ar sholáthar seirbhíse agus ar threalamh oifige TF a tháinig isteach níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis.

**vi. Costais áitribh oifige**

*Soláthar an mheastacháin €453,000, toradh: €195,000*

Tá an gannchaiteachas laistigh den fho-cheannteideal seo mar gheall ar mhoilleanna ar oibreacha feabhsúcháin pleanáilte chuig oifigí *OGP*.

## Clár A Soláthar na Seirbhísí Soláthair Lárnaha

| | | | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar measta | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| A1. | Riarachán – pá | | 14,685 | 12,645 | 11,881 |
| A2. | Riarachán - neamhpá | | | | |
| | *Bunaidh* | 1,344 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 96 | | | |
| | | | 1,440 | 1,656 | 1,488 |
| A.3 | Costais chomhairleoireachta soláthair agus costais eile | | 2,452 | 1,863 | 2,177 |
| | | | **18,577** | **16,164** | **15,546** |

**Athrúcháin shuntasacha**

Tríd is tríd, bhí an caiteachas i dtaca leis an gclár thart ar €2.413 milliún níos ísle ná a soláthraíodh dó. Bhain €1.824 milliún den tsuim sin le tearc-chaitheamh ar riarachán, rud a míníodh cheana féin. Tháinig an chuid eile den difríocht (€589,000) as na nithe seo a leanas go príomha:

**A.3 Costais chomhairleachta soláthair agus costais eile**

*Soláthar Measta: €2.452 milliún, toradh: €1.863 milliún*

Tá an gannchaiteachas seo go príomha mar gheall ar amanna tosaithe níos faide ná mar a bhíothas ag súil leis ar roinnt príomhthionscadal.

## Nóta 4 Fáltais

### 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | 2019 | | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | Measta | Réadaithe | Réadaithe |
| | | €000 | €000 | €000 |
| 1. | Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí [a] | 400 | 399 | 467 |
| 2. | Ilghnéitheach | 50 | 92 | 33 |
| | **Iomlán** | **450** | **491** | **500** |

Nóta [a] Tagraíonn figiúr 2018 d'asbhaintí a bhaineann le pinsean. Cuireadh ranníocaíochtaí aoisliúntais bhreise ina n-ionad ón 1 Eanáir 2019.

### 4.2 Fáltais bhreise atá iníoctha leis an Státchiste

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | — | — |
| Lacáiste ó sholáthraithe | 115 | 89 |
| Aisíocaíocht AE are chostais *eTender* [a] | 429 | — |
| Aistrithe chuig an Státchiste | (544) | (89) |
| Iarmhéid ag 31 Nollaig | **—** | **—** |

Nóta [a] Tá deontas Saoráid um Chónascadh na hEorpa ón nGníomhaireacht Feidhmiúcháin um Líonraí agus Nuálaíocht faighte ag an Oifig um Sholáthar Rialtais don obair ar an Doiciméad Aonair Eorpach maidir le Soláthar.

## Nóta 5 Foireann agus Luach Saothair

### 5.1 Líon na bhfostaithe

| coibhéis lánaimseartha | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| Líon foirne ag deireadh na bliana | 226 | 223 |

### 5.2 Pá

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 11,559 | 10,895 |
| Liúntais d'ard-dualgais, do dhualgais speisialta nó do dhualgais bhreise | 31 | 12 |
| Liúntais eile | 1 | 1 |
| Ragobair | 4 | 3 |
| ÁSPC an Fhostóra | 1,050 | 970 |
| **Pá iomlán** | **12,645** | **11,881** |

### 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí €10,000 nó níos mó | Íocaíocht aonair is airde | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2019 | 2018 |
| | | | € | € |
| Árd-dualgais, dualgas speisialta nó dualgais bhreise | 5 | 1 | 11,560 | 11,556 |
| Liúntais eile | 1 | — | 964 | 666 |
| Ragobair | 4 | — | 2,538 | 1,863 |

### 5.4 Ró-íocaíochtaí párolla

Ba ionann na ró-íocaíochtaí ag deireadh na bliana agus €24,873 i leith 18 daoine aonair (2018: €33,673, 17 daoine aonair).

Díobh seo, tá pleananna aisghabhála i bhfeidhm ag €18,846 i leith 9 daoine aonair (2018: €20,086, cúig daoine aonair)

Aistríodh pleananna aisghabhála ró-íocaíochta ar luach €1,520 go dtí ranna eile i 2019.

# Nóta 6 Ilghnéitheach

## 6.1 Costais chúitimh agus dlí

Thug tairgeoir nár éirigh leis dúshlán do chomórtas soláthair OGP chun seirbhísí ateangaireachta a sholáthar.

Rinneadh an cás a chosaint go rathúil san Ard-Chúirt ach rinne an Chúirt Achomhairc ordú ina dhiaidh sin ag cur an cinneadh leis an gconradh a dhámhachtain i leataobh. Rinneadh achomharc air seo chun na Cúirte Uachtaraí, a sheas, i mBealtaine 2019, leis an gcinneadh an conradh a chur ar leataobh.

Ordaíodh don Oifig um Sholáthar Rialtais costais a íoc i ndáil leis na caingne seo — 60% maidir le costais na hArd-Chúirte agus 80% maidir le costais na Cúirte Achomhairc agus na Cúirte Uachtaraí. Measadh go raibh na costais a bhí le híoc ag an Oifig um Sholáthar Rialtais thart ar €1 milliún, ach ní bhfuarthas an figiúr deiridh fós).

Tá athbhreithniú breithiúnach leanúnach ar leithligh ann lena mbaineann an tIarratasóir céanna i gcoinne dámhachtain conartha faoi chreat-chomhaontú OGP.